# Cad a Dhéanann Tú Gach Lá?

Dúisím gach maidin ar a seacht a chlog. Léimim amach as an leaba. Ansin téim go dtí an seomra folctha. Tógaim cith agus ním mé féin. Ansin siúlaim ar ais go dtí an seomra codlata agus cuirim mo chuid éadaí orm. Siúlaim síos an staighre agus isteach sa chistin. Ullmhaím mo bhricfeasta. Ithim calóga arbhair agus ólaim cupán tae. Nuair a bhíonn mo bhricfeasta ite agam, faighim mo mhála scoile agus mo chóta. Fágaim slán ag mo chlann agus téim amach an doras. Bím déanach agus rithim síos an bóthar mar bíonn mo bhus ag teacht. Tagann an bus ar deich tar éis a hocht agus sroichim an scoil ar ceathrú chun a naoi. Feicim mo chairde agus tosaím ag caint leo.

Ar a naoi a chlog buaileann an clog agus tosaíonn na ranganna. Sa rang tógaim mo leabhair amach, éistim leis an múinteoir, scríobhaim i mo chóipleabhair agus freagraím na ceisteanna. Críochnaíonn an scoil ar deich chun a ceathair agus rithim amach doras na scoile. Téim go dtí stad an bhus. Tagann an bus ar deich tar éis a ceathair agus fillim abhaile. Nuair a shroichim baile, ólaim cupán tae agus imrím le mo PlayStation. Ar a sé a chlog cloisim mo mham ag teacht abhaile. Insím di cad a tharla ar scoil. Bíonn an dinnéar againn sa seomra bia. Tar éis an dinnéir féachaim ar an teilifís. Is breá liom *The Simpsons*. Déanaim mo obair bhaile sa seomra codlata. Téim go dtí an leaba timpeall a deich san oíche. Bíonn tuirse orm agus titim i mo chodladh láithreach.